**Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) (Dréacht 2014/15)**

**<u>Cúlra</u>**

Iarradh ar scoileanna oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) a mhúineadh in Imlitir 2/95. Moladh do scoileanna polasaí OCG a fhorbairt an t-am sin.

I bhFómhar na bliana 1998 tionóladh cruinniú do thuismitheoirí na scoile. Bunaíodh coiste chun polasaí a fhorbairt. Bhí idir thuismitheoirí, mhúinteoirí agus ionadaithe ó Bhord Bainistíochta na scoile ar an gcoiste seo.Cuireadh dréachtpholasaí le chéile in Earracht na bliana i 1999.

Moladh don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtpholasaí seo sa Mheastóireacht Scoile uilig is déanaí a bhí againn.

Cuireadh tús le dréachtpholasaí nua sa scoilbhliain 2013/14 agus leanadh leis an obair i bhfómhar na bliana 2014.

***Background***

*In Circular 2/95 issued by the Department Education, the Minister requested all schools to introduce Relationships and Sexuality Education (RSE) as part of the curriculum. Schools were asked to begin the process of developing a policy for RSE.*

*A meeting of parents was held in autumn 1998. A committee was formed at this meeting to develop the policy. This committee consisted of parents, teachers and representatives from the Board of Management. A draft policy was drawn up in spring 1999.*

*The Board of Management was asked to review this policy in our most recent whole school evaluation.*

*A revised policy was begun during the school year 2013/14 and we continued with this work in autumn 2014.*

**Cad is Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta(OCG) ann?**

Is cuid den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) an OCG. Tugann an OCG deiseanna structúrtha do pháistí chun an t-eolas, an dearcadh, na luachanna, an creideamh agus na scileanna praiticiúla a fhorbairt atá riachtanach chun caidreamh pearsanta, sláintiúil mar pháistí agus ina dhiaidh sin, mar dhaoine fásta a bhunú agus a chothú.

***What is Relationships and Sexuality (RSE) Education?***

*RSE is part of Social, Personal and Health Education (SPHE). RSE provides children with structured opportunities to develop the knowledge, attitudes, values, beliefs and practical skills necessary to establish and sustain healthy personal relationships as children and, subsequently as adults.*

**Fealsúnacht Scoil Chualann**

Is mian linn atmaisféar sona, spreagúil, sabháilte, cineálta a chothú do chách i Scoil Chualann. Is scoil náisiúnta í an scoil le héiteas Caitliceach. Cuirtear fáilte roimh pháistí nach caitlicigh iad ach atá báúil leis an sainmheon Caitliceach atá sa scoil. Cothaítear meas tríd an scoil ar chreideamh, ar thraidisiún, ar chultúr agus ar theanga gach páiste, gach páiste. Tá spiorad agus meon na scoile an-tábhachtach maidir le fás agus forbairt an pháiste. Cuireann atmasféar grá agus measa, comhbhróin agus maithiúnais go mór le féinmhuinín agus féinghrá na bpáistí . Múintear an  clár OCG i gcomhthéasc éiteas na scoile, mar chuid de chlár theagasc Críostaí na scoile, mar chuid de chlár OSPS na scoile agus ar bhonn imeasctha traschuraclaim.

***Scoil Chualann's Philosophy***

*It is our wish to foster a happy, stimulating, safe, kind environment for all in Scoil Chualann. Our school is a national school with a Catholic ethos. Non Catholic children who respect the school's Catholic ethos are welcome in Scoil Chualann. Every child's religion, traditions and culture are respected by the school community. An atmosphere of love, respect, empathy and forgiveness can encourage and foster children's self- confidence and self-esteem. The RSE programme is taught in line with the ethos and the philosophy of the school and as part of the Religious Education and SPHE programmes. The programme will also be integrated with other areas of the curriculum.*

Aidhmeanna OCG

- Chun cur le forbairt phearsanta , féinmheas agus folláine an pháiste
- Cabhrú leis an bpáiste cairdis agus caidrimh fholláine a fhorbairt
- Chun tuiscint agus dearcadh sláintiúil a chothú faoi ghnéasacht agus faoi chaidrimh an duine i gcreat móralta, spioradálta agus sóisialta
- Iontas agus uamhan a chothú faoi phróiseás na breithe agus an na beatha nua
- Chun cuidiú leis an bpáiste a bheith compordach lena g(h)néastacht féin agus le gnéastacht dhaoine eile fad atá sé (sí) ag forbairt
- A chur ar chumas an pháiste tuiscint agus urraim a bhaint amach don ghrá daonna don chaidreamh collaí agus don atáirgeadh

*Aims of RSE*

- *To enhance the personal development, self-esteem and well-being of the child*
- *To help the child develop healthy friendships and relationships*
- *To foster an understanding of and a healthy attitude to human sexuality and relationships in a moral, spiritual and social framework*
- *To develop and promote in the child a sense of wonder and awe at the process of birth and new life*
- *To enable the child to be comfortable with the sexuality of oneself and others while growing and developing*
- *To enable the child to acquire an understanding of and respect for human love, sexual intercourse and reproduction*

**Cúspóirí**

- Eolas agus tuiscint ar an duine féin a ghnóthú agus a fhorbairt
- Mothú dearfach faoi fhéinfheasacht, féinmheas agus féinfhiúntas a fhorbairt
- Meas a chothú ar dhínit,uathúlacht agus folláine dhaoine eile
- Tuiscint a fháil ar nadúr, fás agus forbairt caidrimh laistigh de theaghlaigh, i gcairdis agus i gcomhthéascanna níos leithne
- Feasacht a fhorbairt i leith pátrún éagsúla teaghlaigh
- Teacht chun meas a bheith aige/aici ar shaol an teaghlaigh agus tuiscint a fháil ar fhreagrachtaí tuistithe
- Straitéisí a fhorbairt chun cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus beartais a chur i ngnímh i gcomhthéascanna éagsúla pearsanta, sóisialta agus sláinte
- A bheith feasach ar na slite éagsúla ina bhfásann agus ina n-athraíonn daoine aonair agus a thuiscint gur gné thábhachtach dá bhfeiniúlacht a gcuid gnéasachta agus í a fhorbairt
- Scileanna pearsanta a fhorbairt a chabhróidh chun caidrimh phearsanta fholláine a bhunú agus a choimead
- Roinnt straitéisí ionramhála a fhorbairt chun é/í féin agus daoine eile a chosaint ar chineálacha éagsúla mí-úsáide
- Scileanna a bhaineann le cumarsáid agus le hidirghníomhú sóisialta a ghnóthú agus a fheabhsú
- Stór focal oiriúnach a ghnóthú agus a úsáid chun braistintí, gnéasacht, fás agus forbairt a phlé
- Tuiscint chriticiúil a fhorbairt sa pháiste i leith tionchar seachtrach a chuireann isteach ar stíleanna maireachtála agus chinnteoireacht.

***Objectives***

***The RSE curriculum should enable the child to:***

- *Acquire and develop knowledge and understanding of self*
- *Develop a positive sense of self-awareness, self-esteem and self-worth*
- *Develop an appreciation of the dignity, uniqueness and well-being of others*
- *Understand the nature, growth and development of relationships within families, in friendships and in wider contexts*
- *Develop an awareness of differing family patterns*
- *To come to value family life and appreciate the responsibilities of parenthood*
- *Develop strategies to make decisions, solve problems and implement actions in various personal, social and health contexts*
- *Become aware of the variety of ways in which individuals grow and change and understand that their developing sexuality is an important aspect of self-identity*
- *Develop personal skills which will help them to establish and sustain healthy personal relationships*
- *Develop some coping strategies to protect themselves and others from various forms of abuse*
- *Acquire and improve skills of communication and social interaction*
- *Acquire and use an appropriate vocabulary to discuss feelings, sexuality, growth and development*
- *To develop in the child a critical understanding of external influences on lifestyles and decision making*

**An Clár/Programme**

***Múinfear na gnéithe seo den chlár roimh an mbriseadh lárthéarma san earrach/These themes will be taught before the spring mid-term break.**

**Naíonáin Shóísearacha**

**Téamaí**

Seo Mise/*This is Me*

Cé Tusa?/*Who Are You*

Is Cairde Sinn/*We are Friends*

Seo iad mo Theaghlach/*This Is My Family*

Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn/*People Who Teach Us About Keeping Safe*

Tá mothúcháin againn/We Have Feelings

*Beatha nua/*New Life*

Fásaim/*I Grow*

Ag déanamh roghanna/*Making Choices*

**Naíonáin Shinsearacha**

**Téamaí**

Féach cad is féidir liom a dhéanamh/*Look What I can Do*

Seo iad mo chairde/*These Are My Friends*

Seo iad mo theaghlach/*This is My Family*

Is féidir liom a bheith sábháilte/*I Can Be Safe*

Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith/*Other People Have Feelings Too*

*Ag tabhairt aire do bheatha nua/*Caring For New Life*

Mo chorp/*My Body*

*Fásaim agus Athraím/*I Grow and Change*

Ag déanamh cinntí/*Making Decisions*

**Rang 1**

**Téamaí /Themes**

Rudaí is maith liom a dhéanamh/*Things I like to do*

Mo Chairde/My Friends

Mo Theaghlach/My Family

Sábháilteacht/Keeping Safe

Ag léiriú ár mothúchán/Showing our Feelings

Iontas beatha nua/The Wonder of New Life

An chaoi a bhfeidhmíonn mo chorp/How My Body Works

*Leis an bhfás tagann athruithe/Growing Means Changing

Cinntí agus a nIarmhairtí/Decisions and their Consequences

**Rang 2**

**Téamaí**

Tá daoine eile speisialta*/Other People are Special*

Cairdeas/*Being Friends*

Mo Theaghlach/*My Family*

Sábháilteacht/*Keeping Safe*

Ag déileáil lenár mothúcháin/*Coping with Our Feelings*

*Iontas Beatha Nua/*The Wonder of New Life*

Nuair a theastaíonn aire speisialta ó mo chorp/*When My Body needs Special Care*

*Fás agus Athrú/*Growing and Changing*

Cinntí Pearsanta/*Personal Decisions*

**Rang 3**

**Téamaí**

Tallanna Speisialta/*Special Gifts*

Troideann cairde uaireanta/Sometimes Friends Fight

Mo Theaghlach/*My Family*

Sábháilteacht/*Keeping Safe*

Ag léiriú mothúchán/*Expressing Feelings*

*Ag ullmhú do Bheatha Nua/*Preparing for New Life*

Ár gcéadfaí/Our Senses

*Athraím de réir mar a fhásaim/*As I grow I change*

Ag déanamh cinntí/Making Decisions

**Rang 4**

**Téamaí/Themes**

Mé féin agus daoine eile/*Myself and Others*

Máistíneacht/*Bullying Behaviour*

Mo Theaghlach/*My Family*

Cúiseanna le Rialacha/*Reasons for Rules*

Mothúcháin/ *Feelings and Emotions*

*Iontas Beatha Nua/*The Wonder of New Life*

Bí glan-Bí sláintiúil/*Keeping Healthy*

*Fás agus Athrú/*Growing and Changing*

Ag réiteach/fuascailt fadhbanna/*Problem-Solving*

***Caithreachas/Puberty Pléifear an t-ábhar seo le cailíní an ranga leo féin/ This theme will be covered with fourth class girls in an all girls setting. Pléifear an t-abhar leis na buachaillí leo féin chomh maith./ the theme will be covered with the boys in an all boys setting.

D'fhéadfadh an Príomhoide agus an múinteoir ranga cinneadh a ghlacadh fanacht go dtí rang a cúig chun an téama seo a mhúineadh do na buachaillí má cheapann siad nach bhfuil an rang sách aibí . The principal and class teacher may decide to postpone this topic until fifth class should they decide that the children are not ready to cover this theme in school.

**Rang 5**

**Téamaí/Themes**

An duine ar Mé/*The Person I am*

Cineálacha Difriúla Cairde/*Different Kinds of Friends*

Mo Theaghlach/*My Family*

Sábháilteacht/*Keeping Safe*

Mothúcháin/*Feelings and Emotions*

*Fásann agus athríonn mo chorp/*My body grows and changes*

*Iontas Beatha Nua/*The Wonder of New Life*

*Ag tabhairt aire do bheatha nua/*Caring for New Life*

Ag déanamh cinntí sláintiúla/*Making Healthy decisions*

Caithreachas/*Puberty*

**Rang 6**

**Téamaí/Themes**

Mise agus Mo Bharrmhianta/*Me and My Aspirations*

Cineálacha Difriúla Grá/*Different Kinds of Love*

Teaghlaigh/*Families*

Sábháilteacht agus Sláinte/*Keeping Safe and Healthy*

Mothúcháin/*Feelings and Emotions*

*Ag fás agus ag athrú/*Growing and Changing*

*Caidreamh agus Beatha Nua/*Relationships and New Life*

*Is miorúilt é bábaí/*A Baby is a Miracle*

Roghanna agus Cinnteoireacht /*Choices and Decision-Making*

**An Clár OCG mar a mhúinfear i Scoil Chualann é**

1. Múinfear an clár mar chuid den OSPS (OCG, Bí Sábhailte agus Misneach) agus mar chuid den rang Teagasc Críóstaí.
2. Beidh an clár comhtháite le réimsí eile an churaclaim  (m.sh.eolaíocht, corpoideachas, ceol, drámaíocht, ealaín).
3. Múinfear na gnéithe sin den chlár go bhféadfadh daoine a bheith faichilleach fúthu (fás agus athrú, beatha nua) roimh an mbriseadh lárthéarma sa dara téarma.
4. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas roimhré faoi ábhar na gceachtanna.
5. Beidh fáil ag tuismitheoirí ar ábhar na gceachtanna má tá an t-ábhar uathu.
6. Má bhaintear úsáid as dvd chun ceacht a mhúineadh tabharfar deis do na tuismitheoirí breathnú air má tá an fonn sin orthu.
7. Iarrfar ar aoi-chainteoir labhairt faoi gnéithe áirithe den chlár le Rang 6 chun breis eolais a thabhairt do na páistí agus chun daingniú a dhéanamh ar an méid atá múinte cheana féin. Beidh an t-aoichainteoir ar an eolas faoi pholasaí OCG na scoile.  Beidh an múinteoir ranga/an Príomhoide i láthair ag an gcaint seo.
8. Tabharfar deis do na tuismitheoirí éisteacht leis an méid a bheidh le rá ag an aoichainteoir ag cruinniú roimh-ré.
9. Iarrtar ar thuismitheoirí labhairt lena bpáistí faoi ábhar na gceachtanna OCG.
10. Muna bhfuil tuismitheoir ag iarraidh go mbeidh a p(h)áiste i láthair ag rang foirmiúil OCG is gá dóibh é sin a chur i scríbhinn chuig an Príomhoide.  Déanfar socruithe don pháiste nach bhfuil ag freastal ar an rang OCG.  Iarrfar ar an bpáiste obair scoile a dhéanamh i rang eile.
11. Míneofar do na páistí nár chóir ábhar na gceachtanna maidir le caithreachas, caidreamh collaí, agus breith linbh a phlé le na deartháireacha, na deirfiúracha atá níos óige, le páistí eile sa chlós, nó le cairde taobh amuigh den scoil.  Cuirfear ina luí orthu gurb é seo ról an tuismitheora/caomhnóra/múinteora.
12. Beimid ag súil go léireoidh gach duine meas ar a chéile le linn na gceachtanna seo agus go dtuigfidh na páistí nár chóir eolas príobháideach a nochtadh.  Ní lorgóidh múinteoirí eolas príomháideach ó na páistí agus ní nochtfaidh siad eolas pearsanta dóibh.
13. Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas má cheaptar go mbainfidh páistí tairbhe as eolas breise ó na tuismitheoirí/caomhnóirí.
14. Má chuireann páistí ceist cuirfidh an múinteoir/aoichainteoir na rudaí seo a leanas san áireamh agus iad ag freagairt na ceiste
    - An chúis gur cuireadh an cheist
    - An t-eolas atá ag teastáil
    - Aois an pháiste
    - An clár ranga

    Sa chás nach bhfuil an t-eolas oiriúnach don rang ar fad molfar don pháiste an cheist a chur sa bhaile nó míneofar dóibh go bpléifear an t-ábhar seo i rang níos sinsearaí.
15. Leanfaidh an múinteoir na moltaí don tuairisciú ar ábhar imní nó ar nochtadh eolais mar atá luaite i bPolasaí um Chaomhnú Páistí na scoile sa chás go nochtann páiste eolas.
16. Déanfaidh an scoil gach iarracht comhoibriú le haon mhúinteoir nach bhfuil ag iarraidh gné éigin den chlár a mhúineadh.  Déanfar na socruithe cuí ag tús na scoilbhliana.

*Relationships and Sexuality Education in Scoil Chualann*

1. *The programme will be taught as part of the SPHE programme (RSE, Stay Safe, Walk Tall) and as part of Religious Education.*
2. *The programme will be integrated with other areas of the curriculum (eg. science, PE, music, drama, art)*
3. *The more sensitive themes of the programme (growth, new life) will be taught before the mid-term break in the second term.*
4. *Parents will be informed in advance of the programme content.*
5. *The lessons will made available to parents on request.*
6. *If a DVD is used to complement the lessons, parents will be offered the opportunity to view same.*
7. *A guest speaker may be asked to speak to 6th class about the more sensitive areas of the programme to give the children further information and reinforce lessons which have been already taught. The guest speaker will be aware of the school RSE policy. The class teacher will be present for this talk.*
8. *The parents will have an opportunity to listen to the guest speaker before he/she speaks to the class.*
9. *Parents will be asked to discuss RSE lessons with their children.*
10. *If a parent wants their child to be withdrawn from any RSE lesson they must inform the principal in writing. The school will facilitate parents by arranging for the child to be sent to another classroom to work independently.*
11. *It will be explained to the children that it is inappropriate to discuss certain lesson content's (puberty, sexual intercourse and childbirth) with younger siblings, with other classes in the yard or with friends outside of school. It will impressed upon them that this is a parent's/guardian's/teacher's role.*
12. *We will expect a respectful attitude from all during these lessons and that children should recognise that personal disclosures are inappropriate. Teachers will neither give nor request personal information from children.*
13. *Parents will be informed if the teacher feels that a particular child would benefit from more in-depth discussion of a topic covered.*
14. *The teacher/visiting speaker will take the following into account when answering children's questions:*
    - *The circumstances in which the question has arisen*
    - *The information required*
    - *The child's age*
    - *The class programme being covered*

    *The child may be asked to ask the question at home or it will be explained to them that the subject will be discussed when they are in a more senior class.*
15. *In any case of disclosure of abuse the teacher/visitor will follow the School Policy on Child Protection.*
16. *The school will endeavour to accommodate the wish of any teacher who does not wish to teach a particular topic. Arrangements for RSE classes will be discussed at staff level at the beginning of the school year.*

**Traenáil do mhúinteoirí**

Tabharfar cuireadh do mhúinteoirí freastal ar chúrsaí a bhaineann leis an gclár. Pléifear an clár ag cruinniú múinteoirí ag tús na scoilbhliana agus ag tús an dara téarma.

**Training for Teachers**

*Teachers will be invited to take part in courses related to RSE. The programme will be discussed at staff meetings at the beginning of the school year and at the beginning of the second term.*

**Athbhreithniú agus Monatóireacht**
Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí i gceann bliana.Beidh deis ag múinteoirí, tuismitheoirí agus ag an mBord Bainistíochta a gcuid tuairimí a nochtadh agus a thabhairt le linn an tréimhse athbhreithnithe.

***Review and Revaluation***
*This policy will be reviewed in a year. Teachers, Parents and the Board of Management will be afforded the opportunity to give their opinions during the review period.*

**An polasaí glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Chualann ar an …………………..**

*This policy was ratified by the Board of Management on the……..*